

Uasal fearantas Fearghail

[T. Ó Raghallaigh, *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Dublin, 1938), 45-51]

Maoil Sheachluinn na nÚirsgéal Ó hUiginn cct.

1 Uasal fearontas Fearghail
mar tá sin a seanleabhraibh
asé as uaisle lé a fhéachain
sé ar uaisle 'na úirsgéalaibh.

2 Críoch Mhéis Eochagáin ní fhuil
cur ar uaisle 'na haghaidh
críoch do ní óg don ársuigh
fód í ris nach égcoshuil.

3 Tuarasgbháil Mhidhe mic Floinn
atá riamh os aird agoinn
do thoradh Mhidhe ní mhair
acht talamh fine Fiachaidh.

4 An chuidsi do chlár Midhe
atá ó thús aimsire
gan tearcughadh ar a toradh
an seantulach síothamhui.

5 An fonna Átha an Urchair
ag so cuid dá chomharthaibh
easbadh toraidh ar dhúil de
ní foghair d'úir ná d'uisge.

6 Iomdha a habhla as eadh a mil,
iomdha iasg ina haibhnibh,
glas a fiodhbhadh, mín a muir,
tír gan iongnadh 'na hiongnadh.

7 Foghar éanlaithe an fhuinnsi
maith d'fhóiridhin attuirsi
guth gach eoin bhinn fan mbrosnайдh
'na rinn cheoil chomharsoin.

8 eoin (?) ar aon
maith iad ré a n-áireamh d'éantaobh
..... isle seana soin
sreabha is uaisle ina n-urdail.

9 Áth an Urchair Áth dhá Shein,
ga beag fheabhas d'oigheir
sgáile a sgoth áille an éanuigh
sgáile a sroth le sírfhéaghuin.

10 [Ó?] Chill Úir na n-abhann nglan
go ria Biorra ar bruach Mumhan
maith do bhuing a orcra d'fhior
druim gach tolcha do thaisdiol.

11 Cnoc Aisde adhbha na sgol
Cnoc í Chosgair Carn Fiachodh
ó chaidreabh na dtrí dtolach
ní bhí aigneadh easbhadhach.

12 Ionnamhail Uisnigh Midhe
ní fhuil go Tír Tairngire
feaghain na Midhe do mhuin
sgearaidh cridhe le cumhuidh.

13 Na feaghmuis gidh be do bheith
le síol Fiachadh Uisnigh
tolach sin as dísle dháibh
fa ndligh an tír-si teagmháil.

14 Teagmháil Phádraig phuirt Chaisil
Fiacha fear na tolcha-sin
ní nár a chluinsin dá chloinn
ar grádh Uisnigh do fhuloing.

15 Lá éigin ar n-éirghe a-mach
téid Fiacha mac mhic Eothach
go hUisneach a fhine féin
nír thuirseach cridhe ón choisgéim.

16 Buidhean chléireach ar a cheann
do gheibh mac airdríogh Éireann
is Pádraig munaidh tar muir
sa tulaigh fhádbhuig fhéarmhuir.

17 Iarras an t-éarlasmh ann-sin
ionad eagailsi ar Fhiachuidh
mar do iarr sé an eaglais air
freagrais é is nír aontaigh.

18 “Ná cuir le h-Uisnigh d’iarraidh”
do ráidh mac Néill naoi-ghiallaigh
“ní thiocfa dhíom deaghail riom
do thealaigh na ríogh romhom.”

19 “An tulach-sa tabhair dhamh,
a Fhiacha,” ar an t-éarlasmh,
“do bhéar-sa neamh dhuid iar ndul
budh eadh don chunnradh do chuid.”

20 “Uisneach Mhidhe,” arsa mac Néill
“ní thiubhar d’éarlasmh eiséin
mar iomlaoid ar neamh a-nos
an treabh nach bhfionnmaoid a fheabhos.”

21 Re mac airdríogh Innsi Fáil
éirghis fearg ar an bpriomhfháidh
do bhí an chrithir dearg dharaigh
an fhearg fhrithir fhriochnamhach.

22 Téid go haindlighteach ann soin
a gceann easgaoine ar Fhiachoidh
gé do éaradh an t-apstal
a dhéanamh nír dhligheastar.

23 Seachluinn naomh fa naomhtha cuing
fear do mhuinntir mhic Carpluinn
do éirigh fa ndearna dhó
meanma an chléirigh gur chlaochló.

24 “A Sheachluinn deonuighim dhuit,”
do ráidh an príomhfháidh Pádhruic,
“ó taoi ag dula dá searg soin
m’fhearg do chura ar na clochoibh.”

25 Téid an cion ar na clochaibh,
an easgaoine anachain
téid láimh ris an tí nár thuill
mar nár áil í gan [fhochuinn?]

26 Clocha Uisnigh dá éis soin
ní tarbha mur tá a leabthroibh
a ndeilbh an uair as obar
suail a bhfeidhm a bhfothrogadh.

27 Mac Carploinn aithnighios soin
nár chóir easgcaoine ar Fhiachoidh
do roighne más fíor ’s do bfíor
síodh is oighre an airdríogh.

28 Ní fhuilim na dheaghaidh dháibh
do ní Pádraig an príomhfháidh
síth is Fiacha leath ar leath
’s ní fríth ó Fiacha Uisneach.

29 Uisneach ón lá sin ille
sliocht Fiacha d’éis a chéile
dóibh féin deaghaidh a ndeaghaidh
dleagar ón fhéin fhuineadhaigh.

30 A theine i n-Uisneach d'fhadágh
mithidh do Mhag Eochagán
do bhí ag na fréamhaibh dá bhfuil
ní is déanaimh le a dhúthaigh.

31 Ná léigeadh mac mic Donnchoidh
a fhearrann fa allmhurchoibh
dá léigeadh ní budh léigthe
dá madh éigean imeirche.

32 Atá a bhfuil ó inndeoin air
go fionnloch inndin deasbhaigh
mó budh cumang an cridhe
dhó a fhulang fa ainbhfine.

33 Clár Midhe na maoileann nglan
dá mbeith uile fa Fhearghal
ní bheanfadh sé ainchion d'fhior,
do chaithfiodh é 's do fheithfiodh.

34 Do dháil eallaigh is ionnmhais,
do thabhach a thighearnais
atá a eangnamh sa eineach
d'Fheargal 'na dhá n-impigheach.

35 An fiche bó do bhronnadh
an teach is é ar céadlongadh
ní toirbhearta le a ghruadh ngeal
is tuar oirbhearta d'áireamh.

36 Atá ón ló fa leanamh
gan a inntinn d'aithreaghadh
díoghbháil is uille ní fhuil
ag síordháil duille an domhuin.

37 Clanna Fiacha mic Néill Náir
leasg le filidh a bhfágbháil;
breith duiligh ní iarr orra
do mhian fhuirigh eatorra.

38 Trí hádhbhair fa ndéanaim dán
d'inghin iarla fhóid Ghabhrán
sí go caithmheach ar a crodh
is í go haithneach uasal.

39 Uasal a hionadh ar Nimh
Muire Máthair an Dúilimh
do lár mhuighe Nimhe a-nuas
go gcuire 'mo chroidhe coguas. UASAL.